# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Eanáir 2021

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## Fáilte

A Chomhghleacaithe OR, a chairde,

Bliain Nua faoi mhaise daoibh agus fáilte romhaibh chuig roimh eagrán Eanáir de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. De bharr saol an teagaisc agus na foghlama a bheith ag síorathrú agus mar gheall ar an aistriú go dtí an láthair an chianteagaisc agus na cianfhoghlama, ba mhaith linn go mbeadh a fhios agaibh go ndéanfaimid ár ndícheall cabhrú libh chomh maith agus is féidir linn sna seachtainí amach romhainn. Féach ar threoirlínte an RO, faoi iamh, is féidir a fháil ar shuíomh gréasáin an RO. An mhí seo déanaimid iniúchadh ar an scil lárnach Ag Obair le Chéile, agus roinnfimid leideanna teicneolaíochta agus oideolaíochta chun cabhrú leis an scil thábhachtach sin a chothú agus a fhorbairt.

## Dátaí don dialann – Ionad 2021

**Imeachtaí agus ceiliúradh atá le teacht ón bhféilire idirchreidimh**

**6th** — **Eipeafáine - Críostaí**
**Dia de los Reyes (Lá na dTrí Rí the) -** *Críostaí*

**7ú** — **Féile Bhreith Chríost -** *Críostaí Ceartchreidmheach*

**17ú** — **Lá Domhanda na Reiligiún -** *Idirnáisiúnta*

**27ú** — **Lá Idirnáisiúnta Comórtha i g Cuimhne ar Íospartaigh an Uileloiscthe** *Giúdachas*




Rinneadh sruthú beo ar imeacht Lá Cuimhneacháin an Uileloiscthe ó Theach an Ard-Mhéara agus is féidir breathnú air anseo:

https://hetireland.org/programmes/holocaust-memorial-day-2021-commemoration/

## An Lá Cnuasaigh OR

Tá tús curtha leis na laethanta cnuasaigh agus tá aiseolas iontach faighte againn. Tugann sé an deis do mhúinteoirí a bheith ag plé lena chéile ar fud na tíre. Agus é sin ar intinn againn, fiosróidh muid conas is féidir linn féin mar mhúinteoirí agus lenár gcuid scoláirí oibriú le chéile le linn an ama seo trí dhíriú ar phríomhscileanna Ag Obair Le Chéile.

Má tá tú ag meabhrú cén chuma a bheas ar bhur gcnuaslá OR ar líne sa Bhliain Nua, tabharfaidh an físeán gearr seo barúil duit ar na nithe a bheas ag siúl:

**Imeachtaí Cnuasaigh FGL Ábhair ar Líne – YouTube**

**Am tosaigh:**
**9:15 –15:30**




**Nascthagairt:**
https://www.youtube.com/watch?v=riPpms0Qh24&feature=youtu.be

## Príomhscil i bhFócas: Ag Obair le

Braitheann an dea-obair le chéile ar bhur gcumas cumarsáid a dhéanamh go maith, éisteacht go gníomhach agus a bheith freagrach. Cabhraíonn comhoibriú le chéile le scoláirí sa mhéid:




- An dea-chaidreamh a fhobairt agus plé le coimhlint
- Ag comhoibiú
- Meas a bheith agam
- Ag cuidiú le háit níos fear a dhéanamh den domhan
- Foghlaim le daoine eile
- Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach

@jct_RE    www.jct.ie    info@jct.ie

## Leideanna Teicneolaíochta

Is píosa teicneolaíochta fíorúsáideach é Padlet a cha-bhraíonn go mór leis an spás ar líne. Is uirlis ar líne é Padlet atá saor in aisce a ndéantar cur síos uirthi mar chlár fógraí ar líne. Is féidir le scoláirí agus múinteoirí Padlet a úsáid chun nótaí a phostáil ar leathanach coiteann. Is féidir go mbeadh na nithe seo a leanas sna nótaí a phostálann múinteoirí agus scoláirí araon:

- Naisc
- Físeáin
- Íomhánna
- Comhaid doiciméid.

padlet

https://padlet.com/

**Straitéis SSM do Padlet ar líne:**

https://jct.ie/wholeschool/strategies_result.php?strategy_id=25


Is féidir le scoláirí Padlet a úsáid mar chlár plé / póstaer / nótaí a ligeann do scoláirí a gcuid smaointe agus tuairimí a roinnt sa rang agus go cianda. Is féidir le haighneachtaí a bheith anaithnid nó is féidir aitheantas a iarraidh sna haighneachtaí. Is féidir bunús na bhformáidí inneachair a chur isteach lena n-áirítear : íomhánna, físeáin, doiciméid, agus téacs ó aon ghléas. D'fhéadfadh sé seo a bheith úsáideach ag scoláirí nuair a bhíonn smaointe á gcur in iúl nó taighde a thiomsú le cur i láthair. Tugann sé deis do scoláirí áit taispeána a chruthú chun a gcuid foghlama a roinnt le piaraí agus lena múinteoir. Oibríonn na straitéisí thuasluaite go maith nuair a bhíonn cianfhoghlaim nó foghlaim chumaisc ar siúl acu.

## Straitéis a mholtar don fhoghlaim sa seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta

### Mata Boird

Seo leagan nuashonraithe den ghníomhaíocht áitithe don spás ar líne.

Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil ar an gcaoi le Mata Boird a úsáid i do sheomra ranga.




Tugann an ghníomhaíocht seo deis do gach scoláire oibriú ina n-aonar, smaointe a roinnt agus foghlaim óna chéile i bplé comhoibritheach le grúpa beag.

**https://jct.ie/perch/resources/wholeschool/strategies-placemat.pdf**

## OR sa Nuacht



Cuireadh tús le sraith cruinnithe idirchreidimh chun féilte reiligiúnacha a cailleadh le linn 2020 a cheiliúradh ag gairdín Ardmhéara Bhaile Átha Cliath in aice le Teach an Ardmhéara i mí na Nollag.

Cúlchasadh 2020, a d'eagraigh Fóram Idirchreidimh Chathair Bhaile Átha Cliath, lean sé ar aghaidh go dtí an 14 Nollaig agus gach lá tiomnaithe do chreideamh difriúil. Ag tosú ag 1pm gach tráthnóna bhí baill de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas ann: Búdachas, Críostaíocht, Hiondúchas, Ioslam agus Giúdachas.

Féach an nasc seo a leanas chun tú a threorú chuig an alt:
https://www.irishtimes.com/news/social-affairs/religion-and-beliefs/faith-groups-celebrate-missed-festivals-at-mansion-house-in-dublin-1.4431122

## Seicliosta Lá an Chnuasaigh

**Seo seicliosta don lá seo:**

- Ríomhaire deisce, ríomhaire glúine nó gléas táibléid... le ceamara gréasáin agus micreafón
- An dara gléas (úsáideach ach roghnach)
- Peann agus páipéar
- Rochtain ar do phleananna roinne ábhair
- Rochtain ar an tSonraíocht agus ar na Treoirlínte Measúnachta

## Athfhriotal na míosa

*Is trí bhíthin na breathnóireachta agus an mhachnaimh a aimsíonn duine a bhealach. Mar sin, ní mór dúinn a bheith ag tochailt agus ag tóraíocht gan stad. Claude Monet*



*Kind regards,*

*Religious Education Team*